EURES

# AG EARCÚ SAN EORAIP

## TREOIR D'FHOSTÓIRÍ



ELA
AN TÚDARÁS EORPACH SAOTHAIR

An Coimisiún Eorpach

EURES

Social Europe

Lámhscríbhinn curtha i gcrích i mí na Nollag 2019

An 3ú heagrán leasaithe

Níl an Coimisiún Eorpach ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann an Choimisiúin freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis seo a leanas.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021

© Grianghraif: Shutterstock

© An tAontas Eorpach, 2021
Údaraítear athúsáid, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse.
Tá beartas athúsáide dhoiciméid an Coimisiún Eorpaigh arna rialáil le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch 39).
Chun aon ghrianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an AE a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-9464-023-9 | doi:10.2883/774226 | HP-03-21-062-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-9464-043-7 | doi:10.2883/61351 | HP-03-21-062-GA-N |

# CUIR GNÉ EORPACH LE DO GHNÓ



I ndomhan atá ag athrú go tapa, b'fhéidir go mbeidh ar do ghnó féachaint níos faide ó bhaile chun na fostaithe is fearr a aimsiú. Uaireanta baineann dúshlán leis na daoine cearta a aimsiú. Réiteach amháin, atá in úsáid ag níos mó cuideachtaí de réir a chéile, é daoine a earcú as gach cearn den Eoraip. Maireann agus oibríonn thart ar 3 % d'Eorpaigh i mBallstát nach ionann é agus a dtír thionscnaimh. Tugann siad scileanna difriúla agus dearcadh úr chuig an áit oibre – agus tugann siad deis d'fhostóirí na fostaithe is oiriúnaí a aimsiú as grúpa níos mó iarrthóirí.

Tá eolas bunúsach le fáil sa treoirleabhar seo maidir le fostaithe ó thíortha thar lear a fhostú agus sonraítear na céimeanna is gá a chur i gcrích.

'Is cuideachta bheag muid, ach trí bheith ag obair le EURES, atá aitheanta san Eoraip, is féidir a chinntiú go bhfuil daoine nach bhfuil aon aithne acu orainn muiníneach gur fostóir maith, dáiríre muid. Tá mé thar a bheith sásta leis an leibhéal gairmiúil comhoibrithe atá curtha ar fáil ag EURES. Is trí úsáid a bhaint as seirbhísí EURES a d'éirigh linn dul isteach i margadh na hEorpa.'

*B:TECH, Poblacht na Seice*

Tá roinnt buntáistí tábhachtacha ag baint le fostaithe ó thíortha thar lear a fhostú.

- **Beidh grúpa iarrthóirí níos mó ann a chabhróidh leat an post a líonadh agus na poist sin nach gcuireann dóthain daoine isteach orthu go hiondúil a líonadh.** Tá na céadta mílte oibrí oilte páirteach i lucht saothair na hEorpa. Tá oibrithe atá toilteanach bogadh ó áit go háit spreagtha agus sa tóir ar eispéiris nua. Cuir leis na deiseanna atá agat an t-iarrthóir idéalach a aimsiú.
- **Deis eispéiris agus dearcthaí nua a áireamh i d'fhoireann.** Tá scileanna agus cáilíochtaí nua ag oibrithe ar fud na hEorpa. D'fhéadfadh lucht saothair éagsúil a chinntiú go bhfuil teangacha nua á labhairt i do chuideachta, go bhfuil cumarsáid feabhsaithe agus tuiscint níos fearr ar thimpeallachtaí oibre i dtíortha eile.

An bhfuil fonn ort scileanna agus eispéireas nua a chur ar fáil i d'áit oibre? Tá eolas bunúsach le fáil sa treoirleabhar seo maidir le fostaithe a earcú san Eoraip.

'Is foireann idirnáisiúnta é 'Men for Trees' atá ag obair le daoine ó thíortha difriúla, lena n-áirítear an Ghearmáin, an Chipir, an Ungáir, an Ostair agus an Rómáin. Bíonn daoine spreagtha á lorg againn atá toilteanach a bheith ag obair go crua agus scileanna nua a fhoghlaim.'

*'Men for Trees', An Ostair*



# NA BUNTÁISTÍ A BHAINEANN LE MARGADH SAOTHAIR OSCAILTE EORPACH

Cuireann prionsabal an Aontais Eorpaigh maidir le saorghluaiseacht oibrithe ar do chumas foireann a earcú as gach Ballstát den Aontas Eorpach, mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis.

Trí oibrithe a thabhairt isteach as ar fud na hEorpa is féidir déileáil le ganntanais ghearrthéarmacha scileanna, agus dearcthaí nua a thabhairt isteach i d'áit oibre ag an am céanna. Ciallaíonnn bunú an mhargaidh saothair oscailte Eorpaigh gur féidir le hoibrithe gluaiseacht go saor idir Ballstáit, gan srianta.

D'fhéadfadh, áfach, go mbeadh rochtain shrianta ag saoránaigh Eorpacha áirithe ar mhargadh saothair na hEorpa le haghaidh tréimhse áirithe, ag brath ar an uair ar ghlac an tír páirt san AE. Tríd is tríd, áfach, tá sé chomh héasca fostaithe ón Eoraip a earcú anois is atá sé fostaithe atá ina gcónaí i do thír féin a earcú.

> 'A bhuíochas don líonra, is féidir linn cuideachtaí a aimsiú go héasca i dtíortha Eorpacha eile agus na hiarrthóirí is fearr don phost a earcú. Tá an tseirbhís á soláthar saor in aisce agus, ó tharla nach bhfuil aon rud á "dhíol" againn, is féidir linn díriú go hiomlán ar fhreastal ar riachtanais fostóirí agus cuardaitheoirí poist.'
>
> *Lena Westling, Comhairleoir EURES, An tSualainn*

## CEISTEANNA COITIANTA FOSTÓIRÍ

- **Níor rith sé liom riamh go bhféadfainn fostaithe ón Eorpaí a earcú. Céard iad na buntáistí a bheadh ag baint lena leithéid i gcás mo ghnó féin?** Anois níos mó ná riamh, tá sé tábhachtach go mbeadh lucht saothair éifeachtúil agus táirgiúil ag fostóirí. Uaireanta ní bhíonn fáil go héasca ar na scileanna riachtanacha i do thír bhaile chun é seo a chinntiú. D'fhéadfadh foireann idirnáisiúnta agus ilchultúrtha cabhrú le héifeachtúlacht a mhéadú, trí leibhéil nua scileanna agus eispéiris a sholáthar. Is léir ó thaighde atá déanta go bhfuil nasc díreach idir soghluaisteacht fostaithe agus nuálaíocht cuideachta.

- **Céard ba cheart a bheith ar eolas agam faoi earcú san Eoraip? Céard é an chéad rud atá le déanamh?** Tá sé chomh héasca le fostaí atá lonnaithe i do thír féin a earcú. Ar dtús ba cheart duit smaoineamh ar na scileanna atá in easnamh i d'áit oibre féin, agus cá háit a bhféadfaí na scileanna sin a fháil. Ansin labhair le saineolaí.

- **Cé atá ar fáil le labhairt liom faoi earcú san Eoraip?** Tá roinnt seirbhísí príobháideacha agus poiblí ar fáil chun eolas maidir leis an bpróiseas a roinnt leat. Tá breis is 1200 comhairleoir ag obair do

> 'A bhuíochas don chomhoibriú leis na seirbhísí poiblí fostaíochta náisiúnta agus an líonra ollmhór gairmithe ar fud na hEorpa, cuireann EURES lenár n-infheictheacht agus lenár mealltacht mar fhostóir i margadh saothair na hEorpa trí chéile. Ó cuireadh tús leis an gcomhoibriú seo, tá iarratas déanta ag breis is 300 gairmí cáilithe ar phoist a bhí ar fáil sa chuideachta.'
>
> *CERN (an Eagraíocht Eorpach um Thaighde Núicléach), An Eilvéis*

EURES, líonra post na hEorpa, atá in ann eolas agus treoir a chur ar fáil maidir le gach gné den phróiseas a bhaineann le fostaithe ó thíortha thar lear a earcú. Lean ar aghaidh ag léamh chun eolas a fháil faoin bpróiseas earcaíochta san Eoraip agus conas is féidir le EURES cabhrú leat.

# RUDAÍ ATÁ LE CUR SAN ÁIREAMH MÁ TÁ SÉ BEARTAITHE AGAT FOSTAITHE Ó THÍORTHA THAR LEAR A FHOSTÚ



Anseo thíos gheobhaidh tú léargas ginearálta ar na rudaí atá le cur san áireamh nuair a earcaíonn tú fostaithe ó thíortha thar lear.

- **Céard atá á chuardach agat?** Ullmhaigh próifíl iarrthóra mhionsonraithe. Céard iad na scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí sonracha atá á gcuardach agat? Más mian leat go mbeidh scileanna áirithe ag do lucht saothair, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige seo ar na tíortha is mian leat do chuardach a dhíriú orthu.

'Tá Concentrix ag obair le EURES le haghaidh roinnt blianta anois, agus tá ról lárnach ag EURES sa rath a bhíonn orainn fostaithe a earcú. Fógraímid poist ar líonra EURES, agus tá obair déanta againn chun caidreamh a bhunú agus a chothabháil le comhairleoirí aonair ar fud na hEorpa, agus bímid i láthair ag Aontaí Poist EURES i dtíortha éagsúla. I bhfianaise na riachtanas suntasach earcaíochta atá againn agus na gceanglas éagsúil teanga, tá sé riachtanach úsáid a bhaint as tairseach agus líonra comhairleoirí EURES chun poist intíre a fhógairt. Tá an leibhéal seirbhíse thar barr – agus an t-eolas agus comhairle áitiúil freisin.'

*Concentrix, Tuaisceart Éireann*

- **An bhfuil an taithí atá acu ag teacht leis an gcineál taithí a bhí ar intinn agat?** Ní gá gurb é an chiall chéanna a bheadh le cáilíochtaí a bhfuil an chuma chéanna orthu i dtíortha difriúla, rud a chiallaíonn nach mór duit roinnt taighde cúlra a dhéanamh bunaithe ar na cáilíochtaí luaite.

- **Na gnéithe praiticiúla agus dlíthiúla.** Má iarrann tú ar oibrí bogadh chuig do thír, tá freagracht áirithe ort maidir leis an oibrí sin. An bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an fostaí in ann an teanga a labhraítear i do thír féin a labhairt? Má tá an fostaí in ann an teanga a labhairt beidh sé níos éasca dul i dtaithí ar an timpeallacht nua. Smaoinigh ar an taobh praiticiúil freisin, an féidir slándáil shóisialta agus árachas sláinte a aistriú idir tíortha mar shampla, agus an mbeidh cead oibre ag teastáil.



'Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil an timpeallacht oibre agus an post atá á thairiscint oiriúnach do chuardaitheoir poist ó thír eile. Táimid ag iarraidh go mbeidh an socrú ag dul chun tairbhe na n-iarrthóirí agus na cuideachta.'

*Peter van der Grinten, Comhairleoir EURES, An Ísiltír*

# CÉ ATÁ IN ANN CABHRÚ LEAT FOSTAITHE Ó THÍORTHA THAR LEAR A FHOSTÚ?

Tá cinneadh déanta agat fostaithe ón Eoraip a earcú agus teastaíonn níos mó faisnéise uait. Má theastaíonn cúnamh agus comhairle uait, is féidir leat na hacmhainní seo a leanas a úsáid.

**Tá EURES, Líonra Post na hEorpa, ag feidhmiú i ngach Ballstát den AE, agus san Íoslainn, i Lichtinstéin, san Iorua agus san Eilvéis. Páirteach ann tá seirbhísí poiblí fostaíochta náisiúnta, agus tá tuilleadh comhpháirtithe ag glacadh páirte ann anois freisin, cosúil le gníomhaireachtaí earcaíochta príobháideacha, i do thír bhaile. D'fhéadfadh an líonra seo seirbhís éifeachtúil agus ghairmiúil a sholáthar chun cabhrú le hearcú ó thíortha thar lear.**

Tairgeann líonra EURES raon seirbhísí atá saincheaptha do do riachtanais:

- **Tairseach EURES um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile:** Soláthraíonn sé sin eolas iarrthóirí i 31 tír, tugtar deis duit cuntas a chruthú agus cuardaitheoirí poist a chuardach, agus soláthraítear mionsonraí maidir leis na coinníollacha a bhaineann le hearcaíocht ar fud na hEorpa. Tá an tairseach seo le fáil ar shuíomhanna aitheanta meán sóisialta agus tá aip fóin chliste forbartha. Is féidir le húsáideoirí na tairsí a bhfuil ceisteanna acu teagmháil a dhéanamh go héasca le deasc chabhrach EURES trí chomhrá bheo, ríomhphost, teileafón nó Skype. Tabhair cuairt ar eures.europa.eu chun sonraí teagmhála a fháil.

- **Líonra de Chomhairleoirí EURES:** Tá breis is 1200 comhairleoir i 31 tír ag EURES atá ag obair le seirbhísí poiblí fostaíochta náisiúnta chun eolas maidir le soghluaisteacht a chur ar fáil d'fhostóirí. Is féidir leo cabhrú leat do riachtanais a mheaitseáil le hiarrthóirí ionchasacha agus tú a threorú tríd an bpróiseas earcaíochta, agus eolas cuimsitheach maidir le soghluaisteacht a chur ar fáil duit. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leo tríd an teileafón nó trí ríomhphost, nó bualadh leo aghaidh ar aghaidh ag imeachtaí Laethanta Fostaíochta Eorpacha (tá na sonraí le fáil ar an gcéad leathanach eile). Tá sonraí teagmhála líonra EURES le fáil ar Thairseach um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile EURES – tabhair cuairt ar eures.europa.eu chun dul i dteagmháil le Comhairleoir EURES in aice leat.

- **EURES i réigiúin trasteorann:** Is iad fostaithe atá ina gcónaí agus ag maireachtail in dhá thír an cineál soghluaisteachta lucht saothair is coitianta. Chomh maith leis sin, tá EURES ag obair i réigiúin trasteorann ar fud na hEorpa. Tá eolas le fáil ar thairseach EURES, ó Chomhairleoirí EURES agus ar leathanach 11 den bhróisiúr seo.

Chomh maith leis sin, is féidir leat úsáid a bhaint as:

- **Gníomhaireachtaí earcaíochta príobháideacha:** D'fhéadfadh gníomhaireachtaí fostaíochta príobháideacha raon leathan faisnéise a sholáthar mar aon le seirbhís éifeachtúil meaitseála poist d'fhostóirí. Roimh chlárú, faigh amach an bhfuil táille le híoc.

- **Innill chuardaigh poist ar líne:** Ceadaíonn innill chuardaigh poist duit próifíl chuideachta a chruthú, folúntais a phostáil agus glacadh le hiarratais ó iarrthóirí. Go minic, soláthraítear áis do chuardaitheoirí poist chun CVanna a phostáil, ionas gur féidir leat breathnú orthu. Roimh chlárú, faigh amach an bhfuil táille le híoc.

- **Na meáin shóisialta:** Tá láithreacht meán sóisialta ag thart ar leath d'úsáideoirí an Idirlín san AE. Má úsáideann do chuideachta ardáin cosúil le Facebook, Twitter nó LinkedIn go minic, is féidir leat iad a úsáid chun folúntais phoist a fhógairt ar fud an domhain – agus chun taighde a dhéanamh ar iarrthóirí ionchasacha.

# CONAS IS FÉIDIR LE EURES CABHRÚ?



Tá seirbhísí EURES ar fáil do gach fostóir san Eoraip – roimh, i rith agus i ndiaidh an phróisis earcaíochta. Déileálann seirbhísí EURES le gach gné d'earcaíocht ó thíortha thar lear, lena n-áirítear clárú agus scaipeadh folúntas poist, faisnéis a sholáthar maidir le comhionannas oideachais agus dioplómaí, CVanna a mheaitseáil le folúntais agus áiseanna físchomhdhála a sholáthar chun agallaimh a reáchtáil, mar aon le faisnéis agus comhairle dlí faoi mhargadh saothair na hEorpa, aontaí poist a eagrú, comhairle a thabhairt maidir le deiseanna oiliúna agus a chinntiú go ndéantar teagmháil le fostaithe nua – agus rudaí eile nach iad!

Tríd is tríd, cuimsítear i measc na seirbhísí:

Tá breis is milliún folúntas poist as ar fud na hEorpa fógartha ar **Thairseach EURES um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile**, beagnach an oiread céanna CVanna, agus tá na mílte fostóir cláraithe. Is féidir an méid seo a leanas a dhéanamh go tapa agus go héasca:

- Cuntas a chruthú, ionas gur féidir cuardach a dhéanamh le haghaidh iarrthóirí ábhartha agus a bpróifílí a shábháil;
- Folúntas a fhógairt trí do sheirbhís poiblí fostaíochta náisiúnta nó Comhairleoir EURES áitiúil a bheidh le feiceáil ag cuardaitheoirí poist i 31 tír;
- Foláirimh a fháil nuair a phostáiltear próifílí a mheaitseálann folúntas;
- Cuardach le haghaidh faisnéise maidir le hearcú ó thíortha ar fud na hEorpa;
- Cuardach le haghaidh Laethanta Fostaíochta Eorpacha agus imeachtaí earcaíochta eile i do réigiún;
- Nascadh le fostóirí eile agus faisnéis a mhalartú maidir le cuardach le haghaidh iarrthóirí.

**Is féidir teagmháil a dhéanamh le Comhairleoirí EURES agus gairmithe earcaíochta eile** – go háirithe i líonra EURES – chun eolas agus comhairle a fháil ag aon chéim den phróiseas eacraíochta. Trí shaineolas a sholáthar maidir le gnéithe praiticiúla, dlí agus riaracháin shoghluaiseacht saothair na hEorpa, is féidir leo:

- Cuairt a thabhairt ar d'oifigí chun tuiscint níos fearr a fháil ar na hiarrthóirí atá á gcuardach agat;
- Tú a chur i dteagmháil le Comhairleoirí EURES eile ar fud na hEorpa;
- Iarrthóirí a mholadh bunaithe ar d'fholúntas poist agus próifíl chuideachta;
- Cabhrú leat folúntas a fhógairt – agus eolas maidir le d'fholúntas a roinnt le hiarrthóirí spéisiúla;
- Eolas a roinnt maidir lena bhfuiltear ag súil leis uaitse mar fhostóir d'oibrí Eorpach;
- Eolas a roinnt leat maidir le haontaí poist agus imeachtaí earcaíochta eile a bhféadfadh spéis a bheith agat iontu.

**Tabhair faoi deara go bhféadfadh seirbhísí difriúla a bheith ar fáil i dtíortha éagsúla nó á soláthar ag eagraíochtaí comhpháirtíochta éagsúla EURES.**

Tá tuilleadh faisnéise agus sonraí teagmhála maidir le do Chomhairleoir EURES áitiúil agus gairmithe earcaíochta eile le fáil ar Thairseach EURES um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile

**Laethanta Fostaíochta Eorpacha (Ar líne) agus imeachtaí eile**

**Gach bliain, reáchtáiltear na céadta imeacht EURES ar fud na hEorpa – ar féidir iad a rochtain go héasca agus atá saor in aisce. Is iad na cinn is fearr aithne na Laethanta Fostaíochta Eorpacha – timpeallacht idéalach d'fhostóirí bualadh le fostaithe nua ionchasacha, ar an láthair nó 'go fíorúil' (ar líne). Chomh maith leis sin, reáchtálann EURES comhdhálacha, seimineáir agus laethanta faisnéise ginearálta maidir le soghluaisteacht ina mbíonn Comhairleoirí EURES ar fáil chun sainchomhairle a chur ar fáil maidir le hearcaíocht as gach cearn den Eoraip. Seiceáil an féilire Imeachtaí ar thairseach EURES chun tuilleadh faisnéise maidir le himeachtaí i do cheantar féin a fháil.**

# TAIRSEACH EURES UM SHOGHLUAISTEACHT Ó PHOST GO CHÉILE

## PRÍOMHRANNA

Tá seirbhísí EURES ar fáil saor in aisce do gach fostóir san Eoraip – roimh, i rith agus i ndiaidh an phróisis earcaíochta.

**1.** **Céard is féidir le EURES a dhéanamh duitse?** Seo thíos na seirbhísí ar fad atá á dtairiscint ag comhaltaí agus comhpháirtithe EURES.

**2.** **Ceadaíonnaimsigh iarrthóirí** duit do chuntas pearsanta EURES a chruthú agus an bunachar sonraí CVanna a chuardach. Chomh maith leis sin, gheobhaidh tú CVanna nua meaitseála trí ríomhphost, beidh tú in ann iad a shábháil agus a eagrú, agus fiosrúcháin a sheoladh chuig iarrthóirí ionchasacha.

**3.** Tá faisnéis in **Fógair Post** maidir le conas folúntas poist a chruthú ar an tairseach ionas go mbeidh sé infheicthe.

**4.** Trí **Déan Teagmháil le Comhairleoir EURES** a úsáid is féidir leat sonraí teagmhála Chomhairleoir EURES atá cóngarach duit a aimsiú, ar duine é a thabharfaidh cuidiú leat iarrthóir féideartha a mheaitseáil le folúntais ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó naisiúnta.

**5.** **Cuimsítear in maireachtáil & obair** faisnéis phraiticiúil, dhlíthiúil agus riaracháin maidir le soghluaisteacht. Cuardaigh treochtaí reatha i margadh saothair na hEorpa bunaithe ar thír, réigiún agus earnáil gníomhaíochta.

**6.** Ar an **bhFéilire Imeachtaí** taispeántar imeachtaí atá ag tarlú amach anseo i do réigiún a bhféadfadh spéis a bheith agat iontu. Coinnigh súil ar Laethanta Fostaíochta Eorpacha agus ar imeachtaí earcaíochta eile nó seisiúin faisnéise ginearálta maidir le soghluaisteacht le Comhairleoirí EURES.

**7.** Tá na hailt agus na físeáin is déanaí maidir le poist agus soghluaisteacht Eorpach le fáil i **Nuacht**. Féach ar scéalta dearfacha spreagúla fostóirí eile a bhain tairbhe as seirbhísí EURES.

**8.** Eisítear ***nuachtlitreacha*** **EURES & Tusa** gach mí agus cuimsítear iontu faisnéis faoi shoghluaisteacht ghairmiúil, treochtaí reatha, imeachtaí EURES atá le reáchtáil amach anseo, etc. Is féidir leat na nuachtlitreacha a léamh ar líne nó iad a fháil trí ríomhphost.

**9.** **In Cabhrú & Tacaíocht**, gheobhaidh tú freagraí ar fhormhór na gceisteanna a bheidh agat. Tá deasc chabhrach EURES ar fáil freisin chun do cheisteanna a fhreagairt trí theileafón, ríomhphost, comhrá bheo agus Skype.

**10.** Treoraíonn **Naisc** chuig suíomhanna gréasáin eile thú atá ag déileáil le soghluaisteacht saothair Eorpaigh, lena n-áirítear seirbhísí poiblí fostaíochta náisiúnta, agus raon foilseachán ina bhfuil treoir a chabhróidh leat le do chuardach.

# TAIRSEACH EURES UM SHOGHLUAISTEACHT Ó PHOST GO CHÉILE




## FORBAIRT AMACH ANSEO AGUS SEIRBHÍSÍ EILE

Cuireann **Laethanta Fostaíochta Eorpacha (Ar líne)** ar chumas cuardaitheoirí poist agus fostóirí bailiú le chéile 'go fíorúil' agus saor in aisce, agus an t-am agus an t-airgead a bhaineann le taisteal chuig imeacht ar an láthair a shábháil. Is féidir le rannpháirtithe féachaint ar do láithreoireachtaí, iarratais ar fholúntais a chur isteach agus bualadh go díreach le hearcaitheoirí agus le Comhairleoirí EURES. Féach ar europeanjobdays.eu chun sonraí a fháil maidir le Laethanta Fostaíochta ar líne a reáchtáladh roimhe seo agus a bheidh á reáchtáil amach anseo.



# CÁ BHFUIL SEIRBHÍSÍ EURES LE FÁIL AR FUD NA HEORPA?



- Ballstáit an AE: an Bheilg, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn.
- LEE = Ballstáit an AE + an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.
- An Eilvéis.

Tá ionadaíocht á déanamh ar EURES i réigiúin dhifriúla agus i réigiúin trasteorann. Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait, tabhair cuairt ar thairseach EURES.

Chun faisnéis maidir leis an gComhairleoir EURES is gaire duit a fháil, téigh chuig **eures.europa.eu**.

Anseo thíos tá roinnt pointí nach mór iad a chur san áireamh roimh agus i ndiaidh duit oibrithe as ar fud na hEorpa a earcú.

## CÉIMEANNA LE CUR I GCRÍCH ROIMH EARCAÍOCHT

- **Comhairle agus pleanáil:** Déan teagmháil le do Chomhairleoir EURES áitiúil nó seirbhís phoiblí fostaíochta chun do riachtanais earcaíochta a phlé agus comhairle a fháil. Faigh eolas maidir lena bhfuil i gceist nuair a bhíonn oibrí Eorpach á earcú agus cuir na buntáistí, rioscaí agus costais ar fad san áireamh.
- **Socruithe praiticiúla:** Cinntigh nach ndéanann tú dearmad ar an taobh praiticiúil. An bhfuil sé beartaithe agat cabhrú le d'fhostaí nua cóiríocht a aimsiú, nó comhairle maidir le hárachas sláinte agus slándáil shóisialta a chur ar fáil? Ná déan dearmad freisin go bhféadfadh dlíthe fostaíochta náisiúnta difriúla a bheith i bhfeidhm i dtíortha difriúla. Seiceáil an dteastaíonn cead oibre ó d'fhostaí nua agus an dteastaíonn cabhair ó d'fhostaí nua chun cead oibre a fháil.
- **Aithint cáilíochtaí:** Más gá duit cáilíochtaí d'fhostaí a aithint go hoifigiúil, is féidir le Comhairleoir EURES an dlíthiúlacht agus an taobh praiticiúil a phlé leat. Tabhair cuairt ar www.enic-naric.net chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le haithint idirnáisiúnta cáilíochtaí acadúla agus gairmiúla.

**NÁ DÉAN DEARMAD: Bíonn cleachtais earcaíochta éagsúla i dtíortha éagsúla, mar aon le foirmiúlachtaí éagsúla idir fostóirí agus iarratasóirí. Bí airdeallach ar an bhféidearthacht a bhaineann le difríochtaí cultúrtha nuair a bhuaileann tú le fostaithe ionchasacha. Dírigh ar na scileanna agus ar an taithí.**

## CÉIMEANNA LE CUR I GCRÍCH I NDIAIDH EARCAÍOCHTA

- **Lánpháirtiú oibrithe:** B'fhéidir go mbeadh oibrithe buartha agus imníoch nuair a thagann siad chomh fada le tír nua. D'fhéadfadh pacáiste fáilte cabhrú leo socrú isteach. Smaoinigh ar roinnt faisnéise a chur le chéile faoi do cheantar áitiúil – cosúil le léarscáil de roghanna iompair, treoracha chuig an áit oibre agus sonraí maidir le háiseanna in aice láimhe cosúil le bialanna, leabharlanna poiblí agus ionaid leighis.
- **Saincheisteanna dlí agus riaracháin:** B'fhéidir go mbeadh ar fhostaithe nach mór dóibh clárú le húdaráis áitiúla am a ghlacadh saor ón obair. Cuir an méid ama a thógfaidh sé uimhir slándála sóisialta, cárta aitheantais nó árachas sláinte náisiúnta a fháil san áireamh.
- **Teaghlach agus cóiríocht:** Cuir san áireamh go mbeidh am ag teastáil ó fhostaí agus a theaghlach/a teaghlach chun socrú isteach i do thír, agus go mbeidh am ag teastáil chun scoileanna agus tithíocht a aimsiú, mar shampla.
- **Tabhair deis do d'oibrithe cónaithe a bheith páirteach:** Más mian leat go mbeidh deis ag d'fhostaithe reatha aithne a chur ar oibrithe nua, is smaoineamh maith é an t-eolas is déanaí maidir leis an bpróiseas earcaíochta a roinnt leo. Chomh maith leis sin, smaoinigh ar imeacht sóisialta a reáchtáil do do chuid fostaithe ar fad.

**'I ndiaidh dúinn teagmháil a dhéanamh den chéad uair le EURES san Ísiltír, cuireadh tairseach iontach le haghaidh margadh saothair na hEorpa ar fáil i gcomhair FridayEuroTech. I mbeagán focal is é EURES ár gcomhpháirtí gnó, agus tá seirbhísí EURES i bPoblacht na Seice, san Ungáir agus sa Pholainn in úsáid againn anois.'**

*FridayEuroTech, an Ísiltír*

Is éard atá i gceist le 'oibrí ar postú' duine a chaitheann méid teoranta ama ag obair lasmuigh den Bhallstát ina mbíonn sé/sí ag obair de ghnáth, ar iarratas a f(h)ostóra de ghnáth. Go hiondúil bíonn oibrithe ar postú ag obair na hearnálacha tógála, iompair, teileachumarsáide, siamsaíochta agus cothabhála.

Más mian le d'eagraíocht oibrithe a phostú chuig Ballstát eile, ní mór duit na rialacha agus na nósanna imeachta ábhartha a thuiscint.

Ní mór cearta agus coinníollacha oibre oibrithe ar postú a chosaint ar fud na hEorpa agus, dá réir sin, tá tacar croí-rialacha bunaithe ag an Aontas Eorpach.

Tá sé mar aidhm le Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar* na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta céanna a ráthú d'oibrithe ar postú agus atá ag oibrithe eile in AE-27 (ó Iúil 2013), an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis áit a gcuirtear an obair i gcrích. Clúdaíonn na rialacha raon saincheisteanna, idir uastréimhsí oibre agus íostréimhse saoire bliantúla íoctha, mar aon le sláinte agus sábháilteacht. Is féidir tuilleadh a léamh faoin treoir maidir le hoibrithe a phostú ar shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú.

## TÁ SÉ TÁBHACHTACH FREISIN GAN AN MÉID SEO A LEANAS A LIGEAN I NDEARMAD:

- Sa chás go bhfuil téarmaí agus coinníollacha fostaíochta íosta ag Ballstát, cosúil le tuarastal agus sochair, ní mór go mbeidh feidhm leo freisin i ndáil le haon oibrithe ar postú sa tír;
- Ní mór duit leanúint le teagmháil a dhéanamh le d'oibrí i rith thréimhse a phostaithe/a postaithe.

Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na coinníollacha oibre atá infheidhme i ndáil le hoibrithe ar postú le fáil ar shuíomh gréasáin Eurofound, an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, ag www.eurofound.europa.eu. Chomh maith leis sin, is féidir leat labhairt le do Chomhairleoir EURES áitiúil.

**AG TABHAIRT FAOI THRÉIMHSE IASACHTA**
**Is treocht nach bhfuil chomh coitianta sin fós ach treocht atá ag fás é postú i soghluaisteacht saothair na hEorpa, go háirithe i roinnt earnálacha agus tíortha. In 2007, taifeadadh go raibh thart ar 1.3 milliún Eorpach ag obair mar oibrithe ar postú in AE-27, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis. Ba ón bhFrainc, an Ghearmáin agus an Pholainn a bhí formhór na n-oibrithe ag teacht, agus ba iad an Fhrainc agus an Ghearmáin na tíortha a bhí ag glacadh leis an méid is mó oibrithe freisin.**

* IO L 18, 21.1.1997, lch 1.

Is éard atá i gceist le margadh saothair trasteorann ceantar ina bhfuil oibrithe atá ag obair i dtír amháin ag taisteal chun oibre i dtír chomharsanach go laethúil nó go seachtainiúil. Tá an socrú seo coitianta ar fud na hEorpa: tá breis is 600 000 duine ina gcónaí i dtír Eorpach amháin agus ag obair i dtír Eorpach eile.

## TÁ ROINNT BUNTÁISTÍ AG BAINT LE BHEITH I D'FHOSTÓIR I RÉIGIÚN TRASTEORANN:

- Tá an grúpa iarrthóirí ionchasacha níos mó arís;
- Ní gá duit a bheith ag dul i bhfad ó bhaile chun iarrthóirí a aimsiú le haghaidh folúntas 'atá deacair le líonadh' i do réigiún;
- Tá rochtain agat ar iarrthóirí ar féidir leo taisteal thar an teorainn, seachas bogadh chuig tír eile, rud a d'fhéadfadh cabhrú lena lánpháirtiú.

Ar ndóigh, baineann roinnt nósanna imeachta riaracháin le comaitéireacht trasteorann. Tá raon seirbhísí ar fáil, áfach, chun cabhrú le fostóirí le saincheisteanna cosúil le cáin, slándáil shóisialta, árachas sláinte agus sochair theaghlaigh.

Tá EURES i mbun feidhme i mbreis is 20 comhpháirtíocht trasteorann i mbreis is 13 thír. Chun an gá atá le faisnéis agus comhordú idir tíortha a chomhlíonadh, tugann comhpháirtíochtaí trasteorann EURES seirbhísí poiblí fostaíochta agus gairmoiliúna, ceardchumainn, údaráis áitiúla agus institiúidí eile atá ag déileáil le fostaíocht agus oiliúint le chéile.

## I RÉIGIÚIN TRASTEORANN, TÁ EURES AR FÁIL CHUN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

- Fostóirí agus cuardaitheoirí poist a mheaitseáil;
- Eolas a sholáthar maidir leis an bpraiticiúlacht dlí agus riaracháin a bhaineann le hoibrithe a earcú atá ina gcónaí i dtíortha ar ball de EURES iad;
- Faireachán a dhéanamh ar mhargaí saothair sa dá thír, agus ar an tslí sin, faisnéis cothrom le dáta maidir le fostaithe a chur ar fáil d'fhostóirí.

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait, tabhair cuairt ar Maidir Linne ag eures.europa.eu.

> 'Tacaímid le na céadta oibrí trasteorann ar bhonn laethúil le ceisteanna cosúil le "Cá háit ar féidir liom mo chánacha a íoc?", "Cá háit ar féidir liom sochar linbh a éileamh?" agus "An féidir liom an tSeirbhís Sláinte a úsáid?" Cabhraíonn sé seo lena chinntiú gur féidir le hoibrithe taistil bogadh chuig tír eile gan stró.'
>
> *Comhairleoir EURES, Comhpháirtíocht Trasteorann Éire, Tuaisceart Éireann*



# BREISLUACH EURES

## SEIRBHÍS PHEARSANTA, GHAIRMIÚIL DO CHÁCH

Is seirbhís é EURES a thairgeann comhairle ghairmiúil earcaíochta d'fhostóirí Eorpacha. Tá breis is 1200 Comhairleoir EURES i 31 tír, a bhfuil saineolas acu ar na gnéithe praiticiúla, dlíthiúla agus riaracháin a bhaineann le fostaithe ó thíortha thar lear a fhostú. Chomh maith leis sin, is féidir leo seirbhís phearsanta a sholáthar bunaithe ar phróifíl do chuideachta agus riachtanais iarrthóra. Tabhair cuairt ar thairseach EURES chun sonraí teagmhála do Chomhairleoir EURES áitiúil a fháil.

**'Tá tairbhe bainte againn as a bheith ag obair i gcomhar le EURES le 4 bliana anuas, agus i rith na tréimhse sin chabhraigh díograis agus gairmiúlacht a gcomhairleoirí linn poist a fháil thar lear do go leor gairmithe óga. Táimid ag súil go bhfuil bliain iontach eile amach romhainn!'**

*Fitarbeiten Personaldienstleistungen, an Ghearmáin*

## LAETHANTA FOSTAÍOCHTA EORPACHA (AR LÍNE)

Reáchtáiltear na himeachtaí seo ar fud na hEorpa roinnt uaireanta i rith na bliana, in áiteanna cosúil leis an Iorua agus an Chipir, an Phortaingéil agus an Rómáin. Is deis iontach iad na himeachtaí seo d'fhostóirí ionchasacha bualadh le cuardaitheoirí poist agus le Comhairleoirí EURES, ar an láthair nó ar líne. Is féidir le rannpháirtithe a bpleananna a phlé agus a gceisteanna a chur faoi bhráid raon saineolaithe ar shoghluaisteacht post Eorpach trí sheimineáir duine le duine nó seimineáir fhíorúla, díospóireachtaí, ceardlanna agus cruinnithe duine le duine. Is cinnte go mbainfidh gach fostóir ar spéis leis/léi fostaithe ó thíortha thar lear a fhostú tairbhe as na himeachtaí seo. Seiceáil an féilire Imeachtaí ar thairseach EURES chun sonraí a fháil maidir le himeachtaí a bheidh á reáchtáil in aice leat amach anseo.

## TIONSCNAIMH SPEISIALTA EURES

Tá roinnt scéimeanna spriocdhírithe soghluaisteachta post atá ag tacú le fostóirí fostaithe a aimsiú i dtíortha Eorpacha eile trí thairbhe a bhaint as lucht saothair a aimsiú dá ngnó nach mbeadh ar fáil ag leibhéal áitiúil, náisiúnta nó réigiúnach b'fhéidir. D'fhéadfadh sé seo a bheith úsáideach go háirithe i ndáil le folúntais nach bhfuil éasca a líonadh. Chomh maith leis sin, is féidir le fostóirí iarratas a dhéanamh ar chúnamh airgeadais faoi na scéimeanna seo chun 'clár lánpháirtithe oibrithe' a bhunú. Tá tuilleadh faisnéise le fáil ag eures.europa.eu.

**'Scaipeann EURES faisnéis maidir le tairiscintí poist trína shuíomh gréasáin agus trí sheirbhís phoiblí fostaíochta na Spáinne. Is comhoibriú an-dearfach é seo agus bealach éifeachtúil chun comhaltaí foirne nua a earcú. Chomh maith leis sin, cinntíonn ainm EURES go bhfuil níos mó measa ag cuardaitheoirí poist agus ag fostóirí ar an tseirbhís.'**

*Baker Street International, An Spáinn*



**Teagmháil a dhéanamh leis an AE**

**Cuairt phearsanta**

Tá na céadta ionad faisnéise ag Europe Direct ar fud an Aontais Eorpaigh. Tá seoladh an ionaid is gaire duit le fáil ag: https://europa.eu/european-union/contact_en

**Tríd an teileafón nó trí ríomhphost**

Is seirbhís é Europe Direct a fhreagraíonn na ceisteanna a bhíonn ag daoine faoin Aontas Eorpach. Sonraí teagmhála na seirbhíse seo:

– uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibritheoirí áirithe táille a ghearradh le haghaidh na nglaonna seo),
– ag an uimhir chaighdeánach seo a leanas: +32 22999696 nó
– trí ríomhphost a sheoladh chuig: https://europa.eu/european-union/contact_en

**Faisnéis a aimsiú faoin AE**

**Ar líne**

Tá faisnéis maidir leis an Aontas Eorpach i ngach teanga oifigiúil de chuid an AE le fáil ar shuíomh gréasáin Europa ag: https://europa.eu/european-union/index_en

**Foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh**

Is féidir foilseacháin de chuid an AE a íoslódáil nó a ordú saor in aisce nó íoc astu ag: https://publications.europa.eu/en/publications. Is féidir cóipeanna éagsúla d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil trí dhul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad faisnéise áitiúil (see https://europa.eu/european-union/contact_en).

**Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara**

Chun rochtain a fháil ar fhaisnéis dhlíthiúil ón AE, lena n-áirítear an dlí AE ar fad ón mbliain 1952 anonn, i ngach leagan teanga oifigiúla, téigh chuig EUR-Lex ag: http://eur-lex.europa.eu

**Sonraí oscailte ón AE**

Le Tairseach Sonraí Oscailte AE (http://data.europa.eu/euodp/en) soláthraítear rochtain ar thacair sonraí ón AE. Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, le haghaidh críocha tráchtála agus neamhthráchtála.

## AN BHFUIL SPÉIS AGAT I BHFOILSEACHÁIN NA HARD-STIÚRTHÓIREACHTA UM FHOSTAÍOCHT, GNÓTHAÍ SÓISIALTA AGUS CUIMSIÚ?

- Má tá, is féidir leat iad a íoslódáil nó clárú le haghaidh síntiús saor in aisce ag: **ec.europa.eu/social/publications**
- Tá fáilte romhat clárú le haghaidh r-nuachtlitir saor in aisce Eoraip Shóisialta an Choimisiúin Eorpaigh ag: **ec.europa.eu/social/e-newsletter**
- Is féidir clárú chun nuachtlitir EURES a fháil ag: **eures.europa.eu**

## TÁ NA PRÍOMHSHUÍOMHANNA GRÉASÁIN AGUS NA PRÍOMHCHLÁIR AE ATÁ LUAITE SA BHRÓISIÚR SEO LIOSTAITHE THÍOS:

- Tairseach EURES um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile: **eures.europa.eu**
- An Líonra Fiontar Eorpach: **portal.enterprise-europe-network.ec.europa.eu**
- Fiontraithe AE: **ec.europa.eu/enterprise/initiatives/sme-week**
- Laethanta Fostaíochta Eorpacha (Ar líne): **europeanjobdays.eu**
- Ceisteanna faoin AE: **europa.eu/europedirect**
- An tSaoráid Mhicreamhaoiniúcháin Eorpach um Dhul Chun Cinn.Íoslódáil bileog ag: **ec.europa.eu/social**
- An Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF): **ec.europa.eu/eqf**
- Cláir thacaíochta oideachais: **ec.europa.eu/education**
- Córas Faisnéise Frithpháirteach maidir le Cosaint Shóisialta: **ec.europa.eu/missoc**
- Oibrithe ar postú: **ec.europa.eu/social**
- Cearta slándála sóisialta: **ec.europa.eu/social-security-coordination**
- An Eoraip Agatsa. Cabhair agus comhairle do náisiúnaigh AE agus a dteaghlaigh: **europa.eu/youreurope/citizens**
- Do chéad phost EURES: **ec.europa.eu/social**

## BÍ LINN AR NA MEÁIN SHÓISIALTA:

euresjobs
socialeurope
EURESjob
EURES European Employment Services

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh